Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5148

28.10.2025

**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

# 2030 — Tacaíocht an phobail a neartú do bheartas an Aontais — measúnú ar na gníomhaíochtaí comhshaoil is tábhachtaí san iarscríbhinn leis an 8ú clár oibre ar son an comhshaoil

**(Tústuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Danmhairge)**

(C/2025/5148)

Rapóirtéir: **Lutz RIBBE**



| | |
|---|---|
| Comhairliúchán | Litir ó Uachtaránacht na Danmhairge ar an gComhairle, 7.2.2025 |
| Bunús dlí | Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| An rannóg atá freagrach | An Rannóg um Thalmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol |
| Dáta a glactha sa rannóg | 25.6.2025 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 17.7.2025 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 598 |
| Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)) | 153/3/4 |



## 1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Mar chuid den obair a leanann an t-athbhreithniú meántéarma a rinneadh ar an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil (CGC), tá iallach ar an gCoimisiún Eorpach measúnú a dhéanamh féachaint an gá togra reachtach a thíolacadh chun iarscríbhinn a chur leis an 8ú CGC. Ar cheann de na rudaí a bheadh san iarscríbhinn tá 'Liosta gníomhaíochtaí d'fhonn na cuspóirí a bhaint amach, maille le hamlíne i leith na ngníomhaíochtaí sin', ar rud é a chabhródh leis an mbeartas comhshaoil a bhrú chun cinn. D'iarr Uachtaránacht na Danmhairge ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) tuairim a tharraingt suas i dtaobh an ábhair.

1.2. Measann CESE nach bhfuil aon ghá i ndáiríre le togra reachtach a thíolacadh chun iarscríbhinn nua a chur leis an 8ú CGC. Ní leor ann féin tuilleadh saincheisteanna a chur leis an liosta fada mionsonraithe atá ann cheana de na fadhbanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Ina ionad sin, ba cheart dianmhachnamh a dhéanamh ar phrionsabail ghinearálta áirithe den bheartas comhshaoil a bheidh ann sna blianta amach romhainn, nó ní ba chruinne ná sin, b'fhéidir, ar bheartas na hinbhuanaitheachta, arb é atá ann, ar ndóigh, siombóis den bheartas comhshaoil, den bheartas sóisialta agus den bheartas eacnamaíoch.

1.3. Dá bhrí sin, is é a luaitear sa tuairim seo roinnt réimsí tábhachtacha atá luaite go minic ag CESE mar réimsí ar gá díriú orthu, ach gur beag aird a thug an lucht ceaptha beartas orthu go dtí seo. Ba cheart go mbeadh sé soiléir anois do chách gur cuid thábhachtach den réiteach i gcomhair na todhchaí í dianchosaint an chomhshaoil, agus nach fadhb í atá fós le feiceáil i mBallstáit go leor.

1.4. Níl sa bheartas comhshaoil fós ach rud a mbíonn na glasaigh ag cur agus ag cúiteamh ina leith. Is fíor gur iomaí ceist a bhfuil réiteach maith orthu sa bheartas, ach is líonmhar na saoránaigh — agus na polaiteoirí nach bhfuil ag saothrú i réimse an chomhshaoil de réir dealraimh — nach dtuigeann an cur síos ar na réitigh sin, agus a cheapann fiú gur beag an bhaint atá acu leis an saol i ndáiríre. Mar shampla, má thagraítear dó mar 'athrú sistéamach riachtanach' nó má dheirtear gur trasnaíodh 'teorainneacha plánacha', sin rud atá le míniú. Tá gá le cur i láthair i bhfad níos solúbtha ar an méid atá i gceist leis sin, ar an tionchar a bheidh aige sin ar shaol laethúil agus ar obair na ndaoine agus na ngnólachtaí, agus ar an tionchar a bheidh aige sin ar réimsí beartais eile. Mura ndéantar amhlaidh, is beag tuiscint a bheidh ag an bpobal ar a bhfuil i gceist agus ní rachaidh an scéal i bhfeidhm orthu. Ar an drochuair, sin rud nach leigheasfaidh an 8ú Comhpháirtíocht an Oirthir ná an beartas comhshaoil ina iomláine.

1.5. Tá CESE fós den tuairim gur bhotún mór polaitiúil a bhí ann, go háirithe in aimsir Choimisiún Barroso, gan leanúint den straitéis um fhorbairt inbhuanaithe a bhí i bhfeidhm an tráth sin a chur chun cinn. Faoin gComhaontú Glas, rinne an tAontas iarracht ina dhiaidh sin cuid mhór den easnamh sin a chúiteamh. Mar sin féin, dar le CESE go bhfuil impleachtaí sóisialta an Chomhaontaithe Ghlais i bhfad róghearr, mar sin ní féidir é a chur in ionad straitéis na hinbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, iarrann sé an athuair ([1]) go ndréachtófaí 'Straitéis Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe, 2050' agus go gcuirfí an ghné shóisialta den chlaochlú atá le déanamh san áireamh go hiomchuí sa straitéis agus go ndíreofaí ar an ngné sin freisin.

1.6. Tá sé luaite san 8ú CGC go bhfuil gá le slat tomhais nua chun an rathúnas a thomhas (is é sin, *Beyond GDP*), ach níor pléadh an t-ábhar sin go fóill ach ar bhonn thar a bheith teoiriciúil agus eolaíoch i measc na nglasach. Ba mhaith le CESE go n-éireodh le hUachtaránacht na Danmhairge a chur ina luí ar na hairí atá freagrach as cúrsaí airgeadais agus eacnamaíocha gur mithid tús a chur leis an bplé sin agus moltaí sonracha a dhéanamh.

1.7. I bhfianaise an mhéadaithe a bheidh ar riachtanais airgeadais na mbeart inbhuanaitheachta amach anseo, sin agus an iomaíocht le haghaidh acmhainní buiséadacha (beartas cosanta) a bheidh ag méadú san am céanna, is gá éifeachtúlacht níos fearr a áirithiú sa chaiteachas reatha agus deireadh a chur go tapa leis na fóirdheontais uile a dhéanann dochar don chomhshaol agus don tsláinte.

1.8. Caithfidh lucht ceaptha beartas níos mó airde a thabhairt ar an bhfianaise agus ar na rabhaidh a thugann na heolaithe, sin agus ar thionscnaimh ón mbun aníos atá dírithe ar an todhchaí. Ní féidir pleanáil i gcomhair na todhchaí nuair a dhéantar spriocanna beartais a leagan síos a sháraíonn na teorainneacha atá le hacmhainní an domhain, faoi mar atá i gcás na sprice 1.5 C atá sa bheartas aeráide.

1.9. Is gá cur leis an bhfeasacht ar shaincheisteanna na hinbhuanaitheachta i measc an phobail, agus i saol na polaitíochta agus an riaracháin chomh maith céanna. Rud a chuireann castacht bhreise sa scéal sin is ea go n-éiríonn le dreamanna áirithe a bhfuil leasanna eile á saothrú acu an beartas faisnéise a chur de dhroim seoil uaireanta.

1.10. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh an tsochaí shibhialta níos rannpháirtí chun an tacaíocht phoiblí do bheartais chomhshaoil agus inbhuanaitheachta an Aontais a neartú. Tá gá le rannpháirtíocht chórasach i ngach réimse is féidir den saol laethúil, saol na hoibre san áireamh. Is é sin an t-aon bhealach amháin chun na hathruithe is gá a dhéanamh cothrom intuigthe ó thaobh na sochaí de.

## 2. **Cúlra**

2.1. Trí chinneadh an 6 Aibreán 2022 ([2]), ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil (CGC) don tréimhse go dtí 2030. Chuir CESE a thuairim faoin togra a bhain leis an gcinneadh sin ón gCoimisiún ([3]) in iúl i dtuairim dá chuid an 27 Eanáir 2021 ([4]), agus thug sé barúlacha an-chriticiúil i dtaobh an ábhair agus i dtaobh na n-éifeachtaí a bheadh ag an 8ú CGC, rud a rinne sé freisin sa tuairim uaidh maidir leis an 7ú CGC ([5]).

2.2. Thug CESE le fios sa tuairim sin gurbh é a bharúil gur bhreisluach an-teoranta a bheadh leis an togra toisc nach raibh ann ach tuairisc ghinearálta ar na cásanna, sin agus dearbhuithe intinne, gan aon substaint ná gníomhaíochtaí a lua, agus nach raibh aon trácht ar ionstraimí ná bearta sonracha. D'fhág sin gur mheas sé go raibh sé léirithe go raibh an ceart aige sa mhéid atá á rá aige le blianta fada, is é sin nach bhfuil aon easpa eolais ann maidir leis an rud ba cheart a dhéanamh, ach go bhfuil easpa ann maidir le bearta a thuigtear go maith agus a cinneadh na blianta ó shin a chur chun feidhme, agus nach bhfuil an toil pholaitiúil ann ach an oiread.

([1]) IO C 81, 2.3.2018, lch. 44.
([2]) Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).
([3]) Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (COM(2020) 652 final).
([4]) IO C 123, 9.4.2021, lch. 76.
([5]) IO C 161, 6.6.2013, lch. 77.

2.3. Dá bhrí sin, d'iarr CESE sa tuairim sin go mbeadh díospóireacht ann faoi na bunphrionsabail a fhad a bhaineann sé leis an mbunbhrí atá leis na cláir gníomhaíochta comhshaoil agus an fiúntas atá leo agus d'iarr sé arís eile go dtarraingeofaí suas Clár Oibre Eorpach ar leith don Fhorbairt Inbhuanaithe in 2050. Maidir leis an tsochaí shibhialta a chur san áireamh ní b'fhearr sa mhéid sin, d'ullmhaigh CESE dhá thuairim thábhachtacha: *An tAistriú i dTreo Todhchaí níos Inbhuanaithe don Eoraip — straitéis do 2050* ([6]) agus *Gan Aon Duine a fhágáil chun Deiridh agus Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe á chur chun Feidhme* ([7]). Mar sin féin, is beag aird a thug an Coimisiún, an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar na smaointe a bhí ag an gCoiste ná ar na bearta a mhol sé sa dá thuairim sin.

2.4. Níor tugadh aghaidh sa chinneadh thuas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar na hábhair imní bhunúsacha a bhí ag CESE. Mar sin féin, murab ionann agus an togra ón gCoimisiún, leagadh síos in Airteagal 5 den chinneadh go ndéanfaí athbhreithniú meántéarma d'fhonn a mheas ar cheart don Choimisiún togra reachtach a thíolacadh sa tréimhse tar éis 2025 chun iarscríbhinn a chur leis an 8ú CGC agus go mbeadh 'Liosta gníomhaíochtaí d'fhonn na cuspóirí a bhaint amach, maille le hamlíne i leith na ngníomhaíochtaí sin' ar cheann de na rudaí a bheadh san iarscríbhinn.

2.5. Is mian le hUachtaránacht inteachta na Danmhairge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh súil ghéar a choinneáil ar an díospóireacht seo agus d'iarr sí ar CESE an túsțuairim seo a tharraingt suas. Is é atá luaite san iarratas sin go bhféadfadh CESE measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí comhshaoil is tábhachtaí don Aontas dar leis sa tréimhse 2025-2030, gníomhaíochtaí a mbeadh gá leo chun a áirithiú go mbeadh tacaíocht an phobail ann do bheartas comhshaoil an Aontais.

## 3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Tugadh le fios go soiléir sna tuarascálacha éagsúla ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil ([8]), sna hanailísí ar bhaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus sa tuarascáil mheántéarma a rinneadh ar an 8ú CGC go bhfuil dul chun cinn áirithe déanta de bharr na ngníomhaíochtaí a rinneadh, ach ní leor iad i bhformhór na réimsí beartais comhshaoil. Mar shampla, ar chuid den tátal a baineadh as an athbhreithniú meántéarma ar an 8ú CGC, tá:

— nach mór an-dlús a chur le laghdú astaíochtaí ionas gur féidir an meánráta laghdaithe bliantúil a baineadh amach le 10 mbliana anuas a mhéadú faoi thrí beagnach;

— gur gá tuilleadh a dhéanamh chun an sprioc a bhaint amach maidir le glanaistrithe gás ceaptha teasa (GCT) ón úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF) a chur i gcrích trí leas a bhaint as linnte carbóin;

— go bhfuil fadhbanna móra ann go fóill i réimse na bithéagsúlachta agus go bhfuil, mar shampla, laghdú leanúnach ar líon na ngnáthspeiceas éan, agus titim mhór ar líon na n-éan ar thalamh feirme. Dá bhrí sin, teastaíonn tuilleadh infheistíochta sa dúlra, ach d'fhéadfadh sé nach mbainfí amach na spriocanna a socraíodh le haghaidh an mhaoinithe in 2026 agus in 2027;

— go bhfuil an teorainn atá le hacmhainní an domhain sáraithe ag lorg tomhaltais an Aontais Eorpaigh, agus gur tháinig méadú 4 % breise ar an lorg sin idir 2010 agus 2021, gan aon laghdú ach an oiread ar an mbrú atá ann cuid den talamh réidh agus de na bánta a bheith á n-úsáid i gcomhair na forbartha, etc. Is éard is cúis leis sin na patrúin tomhaltais atá ann faoi láthair in earnálacha an bhia, na tithíochta agus an iompair;

— go bhfuil an strus maidir le huisce le sonrú anois ar nach mór aon trian de chríocha an Aontais;

— gur minic nach é an creat dlíthiúil féin atá easnamhach ach an chaoi a gcuirtear chun feidhme é (is leis an mbeartas comhshaoil a bhaineann thart ar 20 % de na nósanna imeachta uile maidir le sárú atá á láimhseáil ag an gCoimisiún).

([6]) IO C 81, 2.3.2018, lch. 44.
([7]) IO C 47, 11.2.2020, lch. 30.
([8]) Mar shampla na Tuarascálacha ar Staid an Chomhshaoil (SOER): https://www.eea.europa.eu/soer.

3.2. An t-amhras a chuir CESE in iúl roinnt uaireanta a) maidir le toil an bheartais agus b) maidir le héifeachtacht na bPleananna Straitéiseacha Eorpacha, is amhras é nár leigheasadh go fóill. Ní féidir beartas comhshaoil a chruthú as cláir ghníomhaíochta nach bhfuil aon ghníomhaíochtaí ná aon ionstraimí i gceist iontu. Mar sin féin, san 8ú CGC sainaithnítear agus tuairiscítear na saincheisteanna ar ghá aghaidh a thabhairt orthu agus an riocht ina bhfuil an beartas comhshaoil go fóill, is é sin go mbíonn sé fíordheacair uaireanta.

3.3. Chomh maith leis ain, tá an meastóireacht mheántéarma ann ar an 8ú CGC. Sin rud eile a léiríonn na heasnaimh mhóra sa bheartas comhshaoil de réir mar atá san Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil (EIR) 2025. Measann CESE gur deis mhaith é EIR 2025 chun na príomhdhúshláin agus na dea-chleachtais a shainaithint. Cuireann torthaí an athbhreithnithe seo go mór leis an Iarscríbhinn atá beartaithe don 8ú CGC. Níor cheart conclúidí athfhillteacha EIRanna éagsúla a ligean amú, agus ní mór iad a úsáid ar bhealach níos fearr chun réimsí beartais straitéiseacha a thabhairt cothrom le dáta agus chun na bearnaí cur chun feidhme atá ann cheana a líonadh.

3.4. Tacaíonn CESE go háirithe leis an eolas a tugadh sa leagan sin de CGC agus sna doiciméid a ghabhann leis, áit a luaitear go soiléir go bhfuil 'gá le hathrú céime' ([9]) i roinnt mhaith réimsí gníomhaíochta. San athbhreithniú meántéarma tugtar le fios, mar is ceart, gurb é an rud is athrú sistéamach [...] ann 'athrú bunúsach, claochlaitheach agus trasearnálach arb é atá ann ná mórathruithe agus atreorú i spriocanna córas, dreasachtaí, teicneolaíochtaí, cleachtais shóisialta agus noirm shóisialta, agus freisin i gcórais eolais agus i gcineálacha cur chuige rialachais' ([10]).

3.5. Ní eolas nua atá sna pointí sin. Bhí trácht ann cheana ar 'claochú suntasach na gcóras fuinnimh, tionsclaíochta, talmhaíochta agus iompair' sa tionscnamh suaitheanta 'an Eoraip atá tíosach ar acmhainní' (mar chuid den straitéis Eoraip 2020 a bhí ann ag an am) agus sa 7ú CCG freisin. Tá CESE den tuairim gurb é an t-easnamh is mó ar an mbeartas (comhshaoil) go dtí seo nach ndearnadh aon iarracht cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfaí an t-athrú sistéamach bunúsach sin sa chleachtas, ar an tionchar a bheadh aige sin ar fhíorshaol na ndaoine uile lena mbaineann agus ar an gcaoi le tacaíocht na ndaoine sin a fháil dó. Tá sé os cionn 20 bliain ó d'iarr CESE an cur chuige sin a thabhairt isteach ([11]).

## 4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Measann CESE nach bhfuil aon ghá i ndáiríre le togra reachtach a thíolacadh chun iarscríbhinn nua a chur leis an 8ú CGC. Ní leor ann féin tuilleadh saincheisteanna a chur leis an liosta fada mionsonraithe atá ann cheana de na fadhbanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Ina ionad sin, ba cheart dianmhachnamh a dhéanamh ar phrionsabail ghinearálta áirithe den bheartas comhshaoil a bheidh ann sna blianta amach romhainn, nó ní ba chruinne ná sin, b'fhéidir, ar bheartas na hinbhuanaitheachta, arb é atá ann, ar ndóigh, siombóis den bheartas comhshaoil, den bheartas sóisialta agus den bheartas eacnamaíoch.

*An fheasacht mar bhonn leis an ngníomhaíocht bheartais*

4.2. Is é nádúr an duine é go mbraitheann daoine gur lú an bhagairt nó an tábhacht a bhaineann le rudaí nach mbíonn tionchar díreach pearsanta acu orthu, sin nó go mbrúnn siad na cuimhní sin fúthu fiú. Fágann sé sin gur deacair beart polaitiúil a dhéanamh. Is féidir sin a léiriú le dhá shampla:

— Tá dianphlé ar bun sa tsochaí faoi líon na mbásanna ar na bóithre agus is ceart an plé sin a bheith ann. Maraítear os cionn 20 000 duine gach bliain ar bhóithre na hEorpa agus tá aithne ag beagnach gach duine ar dhuine eile a bhí i dtimpiste den chineál sin nó a raibh baint indíreach ag timpiste den chineál sin leo. Fágann sin go n-airíonn gach duine go bhfuil baint éigin acu leis an ábhar agus go mbítear sásta glacadh le bearta chun cur ina choinne. Mar sin féin, faigheann a thrí oiread sin bás mar gheall ar thonnta teasa san Eoraip ([12]). In 2021, is mínábhair cháithníneacha ba chúis bháis do 253 000 duine san Aontas Eorpach ([13]), sin le rá a dhá oiread déag na mbásanna ar na bóithre. Ach is 'básanna anaithnide' an chuid is mó beagnach de na básanna sin, agus níl aithne ag duine ar bith ar dhuine eile ina c(h)omharsanacht a gcuirfí ina leith gurb é sin ba chúis bháis dó nó di. Tá impleachtaí aige sin don acmhainn atá sna húdaráis bearta beartais a chur i bhfeidhm sa réimse sin, go háirithe toisc gur lucht ceaptha beartas i réimse an chomhshaoil amháin, beagnach, seachas mar shampla i réimse na sláinte nó na heacnamaíochta, a dhéanann an plé ar an tsaincheist;

([9]) Athbhreithniú meántéarma ar an 8ú. CGC, lch. 8: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52024DC0123.
([10]) 8.Aithris 4 den 8ú CGC: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32022D0591&qid=1744721977458.
([11]) IO C 117, 30.4.2004, lch. 22.
([12]) An tAthbhreithniú Meántéarma ar an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, lch. 7.
([13]) An tAthbhreithniú Meántéarma ar an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, lch. 12.

— Beidh na buiséid phoiblí thíos go mór leis an leagan amach bagrach nua atá ar an tslándáil mhíleata, rud a lean an t-ionradh brúidiúil a rinne an Rúis san Úcráin. Cuirfear na billiúin euro ar fáil chun déileáil leis sin. Glactar leis tríd is tríd toisc gur léir don dall go bhfuil an bhagairt ann. Tá bagairt an athraithe aeráide nó chailliúint na bithéagsúlachta don chine daonna chomh práinneach agus chomh tábhachtach céanna, áfach, ach níl an bhagairt sin chomh 'follasach' céanna. Fágann sin gur deacra a bhíonn sé bearta 'crua' polaitiúla a dhéanamh chun cur ina coinne.

4.3. Is amhlaidh is measa sin fós mura dtuigeann na polaiteoirí féin a thromchúisí agus atá rudaí. Arís eile, seo sampla den chás sin a bhfuil baint aige leis an 8ú CGC. Cuireadh in iúl arís agus arís eile go bhfuiltear fós 'ag trasnú teorainneacha áirithe ár bpláinéid' ([14]). Is iomaí uair a mheabhraigh CESE a thábhachtaí atá sé cur síos atá chomh beacht agus is féidir a dhéanamh ar na teorainneacha atá le hacmhainní an domhain, na himpleachtaí a bheadh le sárú na dteorainneacha sin a thabhairt le fios go soiléir, agus táscairí a fhorbairt a threoródh an ghníomhaíocht bheartais agus a ndéanfaí faireachán sonrach orthu. Ach níor tharla sin fós agus is daor atáimid ag díol as anois.

4.4. Is tábhachtach an ní a shoiléiriú nach faoi lucht ceaptha beartas na teorainneacha atá le hacmhainní an domhain a shainiú. Is cúram é, ar an gcéad dul síos, atá ar lucht na heolaíochta an t-eolas sin a thabhairt, rud a tharla, mar shampla, i réimse an athraithe aeráide, tríd an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC). Bheadh ar lucht ceaptha beartas an tátal cuí a bhaint as an eolas sin.

4.5. Is éard atá ráite in Airteagal 2 de Chreat-Choinbhinsiún 1992 ar an Athrú Aeráide gurb é sprioc an chomhaontaithe sin an méid gáis ceaptha teasta san atmaisféar a chobhsú ar leibhéal a sheachnódh tionchar contúirteach de chuid an duine ar chóras na haeráide. I gComhaontú Pháras ([15]), áfach, tugadh droim láimhe don chuspóir cáilíochtúil sin (gan na teorainneacha le hacmhainní an domhain a shárú) agus, ina ionad sin, glacadh cuspóir beartais cainníochtúil (1.5 C). Tá na gníomhaíochtaí beartais agus an chumarsáid ina dtaobh dírithe anois ar an gcuspóir sin mar shlat tomhais faoi rath a bheith ar an obair nó a mhalairt.

4.6. Is fíor a rá, áfach, nach luíonn cuspóir sin 1.5 C leis na teorainneacha atá le hacmhainní an domhain: tá na hoighearshruthanna uile san Eoraip agus na hoighearchaidhpeanna ag an dá mhol, thuaidh agus theas, ag leá agus méadú ar líon na dteagmhas adhaimsire (stoirmeacha, triomach, tuilte, etc.) atá ann, agus gan an cuspóir 1.5 C a bheith sáraithe go fóill. Is drochthuar cinnte an teachtaireacht atá á tabhairt don phobal go bhfuilimid ar an mbóthar ceart (nó gur gairid go mbeidh) le nach sárófar an cuspóir 1.5 C, toisc go mbraitear gur lú an phráinn atá leis beart a dhéanamh agus go dtiocfaimid slán as an anachain. Ní fíor sin ar chor ar bith. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach é an tionchar díreach ar an gcomhshaol agus na hiarmhairtí eacnamaíocha a thiocfaidh as sin an t-aon drochthuar atá ann. Is beag plé a rinneadh go dtí seo faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gluaiseachtaí móra imirceach ar fud an domhain ar ár sochaithe.

4.7. Dá bhrí sin, is gá infheistíocht bhreise a dhéanamh sa tuiscint atá ag an bpobal agus ag polaiteoirí ar an gcomhshaol, agus moltar freisin comhar straitéiseach a bhunú leis an saol acadúil, le heagraíochtaí comhshaoil, le ceardchumainn agus le fórsaí eile na sochaí sibhialta, sin agus le tionscnaimh oiliúna nach iad. Tá práinn bhreise leis sin nuair a chuirtear san áireamh, mar shampla, go n-úsáidtear na meáin 'shóisialta', mar a thugtar orthu, chun frithbholscaireacht a eagrú, lena n-áirítear gníomhaithe polaitiúla (e.g. an Rúis a dteastaíonn uaithi leanúint d'acmhainní iontaise a dhíol agus spleáchais a chruthú) agus earnálacha a dteastaíonn uathu leanúint d'airgead a thuilleamh as modhanna táirgthe a dhéanann dochar don chomhshaol.

*Gnóthaí eacnamaíocha agus airgeadais*

4.8. Bíonn an-bhéim i gcónaí ar 'straitéisí fáis' ar an gclár oibre polaitiúil agus is í an olltáirgeacht intíre (OTI) a úsáidtear fós mar shlat tomhais d'fhonn a mheas a shláintiúla atá geilleagar. Tá sé tugtha le fios go soiléir i dtuarascálacha de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, agus i bhfoinsí eile, gur tháinig treochtaí diúltacha as an bhfás eacnamaíoch, e.g. an tomhaltas amhábhar agus an méid dramhaíola a tháirgtear ar an iomlán. Tá an nasc idir an fás eacnamaíoch agus an brú ar an gcomhshaol á bhriseadh, ach is fada uainn fós an uair a bheidh sin déanta ina iomláine. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh plé a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfaimid an rathúnas a mheas, sin le rá an díospóireacht *Beyond GDP* (nó 'bearta a bhfuil níos mó i gceist leo ná OTI'). Is ábhar é sin ba cheart a chur chun cinn tríd an 8ú CGC, ach ní léir go ndearnadh aon dul chun cinn go dtí seo maidir leis an ábhar sin a chur san áireamh i straitéisí beartais (fáis). Is gá an cás sin a athrú le teann práinne, nó tá baol ann go leanfar de na roghanna míchearta a dhéanamh i leith an bheartais eacnamaíoch agus gur níos faide uainn a bheidh an sprioc 'geilleagar na dea-bhaile' a fhíorú. D'fhéadfadh Uachtaránacht na Danmhairge, mar shampla, díospóireacht straitéiseach faoin ábhar sin a eagrú le linn an chruinnithe a bheidh ag na hAirí Eacnamaíocha agus/nó Airgeadais.

([14]) An tAthbhreithniú Meántéarma ar an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, lch. 3.
([15]) Comhdháil Pháras maidir leis an Athrú Aeráide (COP 21) i mí na Nollag 2015.

4.9. Ní leor an maoiniú a chuirtear ar fáil do lear mór beart i réimse na cosanta comhshaoil, rud is ríléir ón eolas atá san athbhreithniú meántéarma ar an 8ú CGC. Fágann sé sin go bhfásann an mhíshástacht agus an easpa muiníne sna daoine lena mbaineann an scéal. Is minic a bhíonn feirmeoirí, mar shampla, ag streachailt le srianta atá ina gceangaltas ar mhaithe leis an dúlra a chaomhnú (e.g. líonra Natura 2000), ainneoin go bhfuil sé geallta leis an mbeartas go gcúiteofaí aon srianta, damáiste, caillteanas ioncaim, etc. a bheadh ann. Níor tharla sé sin, agus níl ach cuid an-bheag de na hacmhainní a theastaíonn curtha i leataobh sna buiséid phoiblí.

4.10. Dá bhrí sin, iarrann CESE arís eile go mbeadh buiséad ar leith ann a bheadh dírithe go sonrach ar an gceist sin agus na hacmhainní iomchuí curtha ar fáil dó. Ní leor an réiteach a bhíonn á shíormholadh ag an gCoimisiún, is é sin go bhféadfaí acmhainní a bhaint as na 'potaí móra' (an Ciste Réigiúnach, mar shampla) chun bearta beaga a dhéanamh.

4.11. Tá na coinníollacha comhshaoil a bhaineann le cistí an Aontais Eorpaigh foirmiúil go leor agus iad easnamhach fiú. Ionas gur mó an mhaith is féidir a dhéanamh, ní mór athchóiriú struchtúrach a dhéanamh ar phrionsabal cothrománach na forbartha inbhuanaithe sa bheartas comhtháthaithe. Tá gá leis, ar an iomlán, cur le héifeacht na n-acmhainní a cuireadh ar fáil go dtí seo. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, inter alia, ach na cistí a dhíriú ar bhealach orthu siúd a chuireann torthaí ar fáil. Ní mór dáileadh cothrom críochach na gcistí a áirithiú freisin.

4.12. Tá gá le huirlisí comhordaithe níos fearr agus le hionstraimí smachtbhannaí níos láidre chun na Ballstáit a spreagadh chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na huirlisí cosanta comhshaoil atá curtha ar fáil ag an gCoimisiún agus chun dlús a chur le cur chun feidhme na reachtaíochta.

4.13. Sna blianta atá romhainn, tiocfaidh méadú freisin ar an ngá le maoiniú chun damáiste agus caiteachas breise a sheachaint nó chun tionscnaimh a chur chun cinn i réimse an chomhshaoil. Mar shampla, má theastaíonn uainn linnte carbóin nádúrtha a chruthú agus/nó gnáthóga a ligeadh i léig a bhunú arís le haghaidh speicis áirithe ainmhithe agus plandaí, is ríléir go mbeidh iomaíocht ann idir na húsáidí sin agus an úsáid atá á baint as talamh talmhaíochta faoi láthair.

4.14. Is cuma an bearta cosanta aeráide nó bearta cosanta bithéagsúlachta atá idir chaibidil, is 'earraí poiblí' atá i gceist sna bearta sin go léir. Mar sin féin, níl aon mhargadh ann do na hearraí poiblí sin. Is é a chiallaíonn sin go bhfuil ar an Stát 'margaí earraí poiblí' ar leith a chruthú, agus go mbeadh, mar shampla, ar na feirmeoirí freastal ar na margaí sin. Mar sin féin, is ar éigean a bheidh an Stát in ann a chur ina luí ar na feirmeoirí gur fiú dóibh na hathruithe comhfhreagracha sin a dhéanamh ar a bpróisis táirgthe mura bhfuil le fáil acu as ach cúiteamh as an teacht isteach a chaillfidh siad nó as an gcaiteachas breise a bheidh orthu. Is minic a d'iarr CESE ([16]) go ndéanfaí as 'earraí poiblí' foinse ioncaim nua fhadtéarmach intuartha do na feirmeoirí. Chun gur féidir sciar den gheilleagar a spreagadh le páirt a ghlacadh i mbeartas atá bunaithe ar chritéir inbhuanaitheachta, is réamhriachtanas é dreasacht a chruthú.

4.15. Tástáil ar an gcur chuige sin a bheidh sa chláreagrú airgeadais meántéarmach a dhéanfaidh an tAontas Eorpach go luath. Nuair atá an t-airgead gann agus méadú ar an ngá le hairgead chun an t-aistriú breise inbhuanaitheachta a mhaoiniú agus íoc as an gcaiteachas míleata, ní mór díriú go práinneach ar dheireadh a chur le fóirdheontais a dhéanann dochar don chomhshaol agus do shláinte na ndaoine. Sin rud atá CESE a iarraidh leis na blianta, rud a mbíonn trácht agus iomrá air i measc na bpolaiteoirí, ach gan de shliocht air ach scread san aer le fada anuas. Sa tréimhse atá fágtha den 8ú CGC, caithfear roinnt cinntí deacra a dhéanamh, cinn nach mbeidh aon dul siar orthu.

*Ról níos gníomhaí a thabhairt don phobal*

4.16. Má theastaíonn uainn a áirithiú go mbeidh tacaíocht an phobail ann do bheartas comhshaoil an Aontais, ní mór na hábhair imní agus na riachtanais atá ag daoine a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Ba mhaith le CESE tagairt a dhéanamh arís eile do na barúlacha a nocht sé faoin tsaincheist sin i dtuairimí SC/47 agus SC/53. Iarrtar sna tuairimí sin go mbeadh lámh ag an tsochaí i ngach réimse den saol laethúil a d'fhéadfaí a shamhlú: sin an t-aon bhealach inar féidir an t-athrú a theastaíonn a eagrú ar bhealach atá cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de.

([16]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Táirgeadh uathrialach agus inbhuanaithe bia a chur chun cinn: straitéisí don Chomhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027 (tústuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh) (IO C, C/2024/2099, 26.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2099/oj26.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2099/oj); IO C 354, 28.12.2010, lch. 35.

4.17. Arís eile, áfach, is rómhall atáthar ag déanamh dul chun cinn ó thaobh an bheartais de. In 2015, glacadh cinneadh maidir leis an Aontas Fuinnimh Eorpach chun bonn a chur faoin aistriú ó na breoslaí iontaise. Thug an Coimisiún le fios ag an am gur theastaigh uaidh beartas a fhorbairt ina mbeadh ról lárnach ag na saoránaigh, is é sin go nglacfaidís freagracht as aistriú an chórais fuinnimh, go n-úsáidfidís teicneolaíochtaí nua chun a gcuid billí fuinnimh a laghdú, go nglacfaidís páirt ghníomhach sa mhargadh agus go gcosnófaí iad dá mbeidís leochaileach. Chuir CESE in iúl i mórán tuairimí gur dhíol sásaimh dó an cur chuige rannpháirtíochta sin, ach is minic a cháin sé é chomh maith mar gur ar éigean a tugadh isteach aon bhearta go dtí seo a thacódh leis. Níor tháinig aon bhearta beartais as an iliomad tograí a chuir CESE i láthair faoin ábhar. Ní ionadh ar bith é, dá bhrí sin, gur minic a bhíonn aighneas mór ann ar an leibhéal áitiúil nuair a bhíonn tionscnaimh maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite á gcur chun feidhme, e.g. tuirbíní gaoithe á bpleanáil, ainneoin go bhfuil an-tacaíocht ann i measc an phobail i gcoitinne don fhuinneamh in-athnuaite. Sna cásanna ina mbíonn brabús le déanamh ag an bpobal as na tuirbíní (sin le rá tionscadail fuinnimh pobail), is lú i bhfad an sciar sin den phobal a chuireann ina gcoinne.

4.18. Tá an tAontas Fuinnimh ar an bhfód le deich mbliana, agus tá ‘pacáiste fuinnimh na saoránach’ á ullmhú ag an gCoimisiún, rud a chruthóidh cur chuige níos praiticiúla ná an cur chuige a bhíodh ann — de réir na ráite. Is díol sásaimh do CESE an méid sin ann féin, agus tarraingeoidh sé suas tuairim ar leith faoin ábhar. Mar sin féin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil a lán de thacaíocht na sochaí agus an mhuinín atá ag daoine as an bpolaitíocht imithe i léig le deich mbliana anuas de bhrí nár comhlíonadh gealltanais na bpolaiteoirí.

4.19. Ar bhonn ginearálta, ba cheart don lucht ceaptha beartas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an mbeartas cumarsáide atá acu agus ar na bealaí ina ndéanann siad cumarsáid leis an tsochaí shibhialta. Go rómhinic is ón mbarr anuas a dhéantar an chumarsáid, ní thugtar ach taobh amháin den scéal agus déantar iarracht na roghanna polaitiúla a rinneadh a chosaint. Cé nach bhfuil aon chailleadh ar an gcur chuige sin ann féin, ní leor ann féin é, áfach. Ní in aon treo amháin a dhéantar an chumarsáid. Ag an am céanna, ba cheart don Aontas an t-iliomad cur chuige ón mbun aníos atá ann a scrúdú agus ceachtanna a fhoghlaim astu agus iad a chomhtháthú níos fearr sa bheartas atá aige.

4.20. Ar cheann de na príomhchúraimí atá ar CESE tá modhanna cur chuige den chineál sin a shainaithint agus teacht ar chomhréitigh a mbeadh glacadh ag an tsochaí leo. Sampla dearfach dá leithéid is ea Ardán an Gheilleagair Chiorclaigh, rud a bunaíodh ar thionscnamh CESE.

4.21. Tá a lán samplaí eile ann den chaoi ar féidir leas a bhaint as an idirphlé struchtúrach leis an tsochaí shibhialta chun torthaí a bhaint amach i gcásanna nach n-éiríonn leis na polaiteoirí go minic. Is samplaí maithe de sin iad an Coimisiún um Thodhchaí na Talmhaíochta (*Zukunftskommission Landwirtschaft*) sa Ghearmáin nó a mhacasamhail ar leibhéal na hEorpa, an ‘Plé straitéiseach faoi thodhchaí na talmhaíochta san Aontas Eorpach’. Molann CESE leas breise a bhaint as an gcineál sin fóraim. Mar sin féin, is gá a chinntiú i gcónaí ina leithéidí sin d’fhóraim go dtuigtear go ríshoiléir na moltaí a dtabharfar aghaidh orthu agus a chuirfear chun feidhme, agus na moltaí nach dtabharfar aghaidh orthu (agus na cúiseanna atá leis sin). Mura ndéantar amhlaidh, tá an baol ann go gcuirfear amú an deis tacaíocht an phobail a fháil agus nach mbeidh aon ghlacadh leis na moltaí.

An Bhruiséil, an 17 Iúil 2025.

*Uachtarán*

*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*

Oliver RÖPKE